Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/4113

29.7.2026

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**

# Treoraíocht maidir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724

(C/2026/4113)

**CLÁR**

*Leathanach*

1. RÉAMHRÁ .......... 2
2. RAON FEIDHME AIRTEAGAL 26 DEN GHNÍOMH UM AN TIONSCAL GLAN-NIALASACHTA .......... 3
   2.1. Ceantanna faoi raon feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta .......... 3
   2.2. Díolúintí agus forálacha speisialta .......... 5
3. CEANTANNA A nÁIRÍTEAR CRITÉIR NEAMHPHRAGHAIS IONTU A DHEARADH .......... 8
4. CRITÉIR NEAMHPHRAGHAIS A SHONRÚ AGUS MEASÚNÚ A DHÉANAMH ORTHU .......... 11
   4.1. Iompar gnó freagrach .......... 12
   4.2. Cibearshlándáil agus slándáil sonraí .......... 13
   4.3. An cumas an tionscadal a chur i gcrích go hiomlán agus in am .......... 15
   4.4. Rannchuidiú athléimneachta .......... 16
   4.5. Rannchuidiú inbhuanaitheachta .......... 20

Iarscríbhinn 1: Sreabhchairt an chritéir athléimneachta .......... 22
Iarscríbhinn 2: Sampla de shuiteálacha fótavoltachais a chomhlíonann an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta faoi Airteagal 7(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme .......... 23
Iarscríbhinn 3: Sampla de thuirbíní gaoithe ar talamh a chomhlíonann an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta faoi Airteagal 7(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme .......... 24

## 1. **RÉAMHRÁ**

Critéir neamhphraghais i gceantanna chun foinsí fuinnimh inathnuaite a chur in úsáid, tá siad tábhachtach chun borradh a chur faoi iomaíochas cuideachtaí agus faoi mhonaraíocht teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais, agus chun tuilleadh infheistíochta ghlan a mhealladh chun na hEorpa. Le Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (dá ngairtear an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) [1], bunaítear rialacha maidir le critéir neamhphraghais i gceantanna lena leagtar síos samhail nua le haghaidh ceantanna fuinnimh inathnuaite san Aontas. Cuirtear san áireamh sa tsamhail sin na tairbhí sochaíocha níos leithne a bhaineann le dul níos faide ná an praghas agus measúnú á dhéanamh ar thairiscintí, lena n-áirítear slándáil an tsoláthair, cosaint an chomhshaoil agus slabhra soláthair níos láidre.

Leagtar amach i dtuarascáil Draghi [2] a thábhachtaí atá critéir neamhphraghais chun comhtháthú an chórais a fheabhsú, nuálaíocht a chur chun cinn agus athléimneacht a dhreasú, i measc spriocanna eile. Luaitear sa tuarascáil freisin go mbeidh treoraíocht ón gCoimisiún tábhachtach chun tacú leis na Ballstáit critéir a shainiú agus a chur i bhfeidhm go soiléir [3]. Freagraíonn an Teachtaireacht seo go díreach do na huaillmhianta sin trína bheith ag tacú leis an tuiscint ar chritéir neamhphraghais Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus trí léargas praiticiúil a sholáthar chun a gcur i bhfeidhm comhsheasmhach éifeachtach a éascú ar fud an Aontais.

Is sásra iad na ceantanna fuinnimh inathnuaite ('ceantanna') le haghaidh nósanna imeachta iomaíocha tairisceana chun tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite. An méadú ar sciar an fhuinnimh ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite, éascaíodh go mór é le ceantanna arna n-eagrú ag na Ballstáit. D'fhéadfadh baint a bheith ag Státchabhair leis na ceantanna sin. B'fhéidir go ndéanfaidh siad na cearta chun tionscadal a fhorbairt a leithdháileadh ar fhorbróir i suíomh sonrach nó go dtabharfaidh siad tacaíocht phoiblí do thógáil tionscadal inathnuaite, nó an dá rud. Fágann ceantanna go bhfuil na Ballstáit in ann an leibhéal tacaíochta airgeadais do theicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a chinneadh ar bhealach iomaíoch. Tá ról lárnach acu freisin maidir leis an leibhéal tacaíochta poiblí a bharrfheabhsú [4]. Dá réir sin, rannchuidíonn siad go mór le dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí fuinnimh inathnuaite san Aontas. Trí chritéir neamhphraghais a áireamh i ndearadh ceantanna, féadfaidh na Ballstáit spriocanna beartais éagsúla a chur chun cinn agus luaíocht iomchuí a thabhairt do thionscadail a sheasann amach ar bhonn critéir cháilíochta seachas praghas.

Le hAirteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ceanglaítear ar na Ballstáit critéir áirithe neamhphraghais a áireamh i 30 % ar a laghad den mhéid a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana nó, de rogha air sin, i 6 ghigeavata ar a laghad in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit i gceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur in úsáid [5]. Tá feidhm ag an bhforáil sin ó bhí an 30 Nollaig 2025 ann.

Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún ('an Rialachán Cur Chun Feidhme') an 23 Bealtaine 2025 lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun úsáide, sonraítear a thuilleadh na critéir neamhphraghais a leagtar síos in Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta [6]. Leis sin, éascaítear dearadh agus cur i bhfeidhm na gcritéar sin agus áirithítear aonfhoirmeacht ar fud an Aontais, agus solúbthacht leordhóthanach á cur ar fáil do na Ballstáit.

Is mar threoirdhoiciméad amháin atá an teachtaireacht seo beartaithe chun tacú leis na Ballstáit Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a chur chun feidhme. Níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs reachtaíocht an Aontais Eorpaigh féin. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin atá inniúil chun an Rialachán a léirmhíniú agus údarás deiridh aici.

(1) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj).

(2) Draghi, M. (2024), *The future of European competitiveness* [Todhchaí iomaíochta na hEorpa], an Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach. Le fáil ag: *The Draghi report on EU competitiveness* [Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais] (arna rochtain: 12.3.2026).

(3) 'Beidh treoraíocht ón gCoimisiún ríthábhachtach chun tacú leis na Ballstáit critéir shoiléire thrédhearcacha inchomparáide a shainiú agus a chur i bhfeidhm, ar critéir iad a bheidh éasca a rochtain, a chur i bhfeidhm agus a thomhas.' – Tuarascáil Draghi.

(4) Moladh ón gCoimisiún an 13.5.2024 maidir le dearadh ceantanna le haghaidh fuinneamh inathnuaite (C(2024) 2650).

(5) Ba cheart an tairseach 30 % a ríomh agus úsáid á baint as méadrach comhchosúil le haghaidh an mhéid iomláin a chuirtear ar ceant, bíodh sé i dtéarmaí toilleadh nó giniúint fuinnimh.

(6) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun úsáide, IO L, 2025/1176, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1176/oj.

Ní chumhdaítear leis an teachtaireacht seo ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur in úsáid, ar ceantanna iad a dhéantar i gcomhréir le reachtaíocht soláthair phoiblí an Aontais [7], ná le cineálacha eile idirghabhála poiblí. Cumhdaítear na hábhair sin i dteachtaireachtaí ar leithligh ón gCoimisiún lena soláthraítear an Treoraíocht maidir le hAirteagail 25 [8] agus 28 [9] den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta faoi seach.

## 2. RAON FEIDHME AIRTEAGAL 26 DEN GHNÍOMH UM AN TIONSCAL GLAN-NIALASACHTA

### 2.1. Ceantanna faoi raon feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta

Cumhdaíonn Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta an méid seo a leanas:

(1) *Ceantanna le haghaidh na dteicneolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (a) go (j), ar teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite iad*

De bhun Airteagal 26(1), ba cheart critéir neamhphraghais a áireamh i gceantanna le haghaidh teicneolaíochtaí a chomhlíonann dhá choinníoll: (1) liostaítear na teicneolaíochtaí in Airteagal 4(1), pointí (a) go (j); agus (2) cáilíonn siad mar theicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite. In Airteagal 3(3) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, sainmhínítear '**teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite**' mar theicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite. Sa chás seo, is de réir an tsainmhínithe in Airteagal 2 pointe (1) den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED) [10] a thuigtear 'fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite'. Sainmhínítear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite mar 'fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite neamh-iontaise, eadhon an ghaoth, an ghrian(grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach) agus fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, toinne agus eile fuinneamh aigéin, hidreachumhacht, agus fuinneamh ó bhithmhais, ghás ó líonadh talún, ghás ó ionad cóireála camrais, agus bithghás.'

Ar bhonn na gcoinníollacha sin, liostaítear na teicneolaíochtaí lena mbaineann i bhfonóta 2 sa Rialachán Cur Chun Feidhme agus is iad seo a leanas iad:

— teicneolaíochtaí gréine, lena n-áirítear teicneolaíochtaí fótavoltacha, teicneolaíochtaí grianteasa leictreacha agus teicneolaíochtaí grianteasa;

— teicneolaíochtaí gaoithe ar tír agus teicneolaíochtaí inathnuaite amach ón gcósta;

— teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh;

— teicneolaíochtaí hidrigine, lena n-áirítear leictrealóirí agus breosla-chealla, i gcás ina n-úsáidtear iad chun fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh;

— teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithgháis agus bithmheatáin;

— teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe ar teicneolaíochtaí breoslaí inathnuaite iad.

As na teicneolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (a) go (j), den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, **ní mheastar gur teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite iad** na nithe seo a leanas agus dá bhrí sin ní thagann siad faoi raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta: (c) teicneolaíochtaí ceallraí agus stórála fuinnimh [11]; (g) teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin (GSC); (h) teicneolaíochtaí eangaí leictreachais, lena n-áirítear teicneolaíochtaí luchtaithe feithiclí leictreacha le haghaidh iompair agus teicneolaíochtaí chun an eangach a dhigitiú; (i) teicneolaíochtaí fuinnimh eamhnaithe núicléach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí timthrialla breoslaí núicléacha.

Tá '**teicneolaíochtaí hidrigine**', amhail leictrealóirí agus breosla-chealla, neodrach maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an hidrigin a tháirgeann siad ina foinse fuinnimh inathnuaite. Dá réir sin, ní thagann teicneolaíochtaí hidrigine faoi raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ach amháin i gcás ina n-úsáidtear iad chun fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh. Ní chiallaíonn sé sin nach féidir leis na Ballstáit Airteagal 26 a chur i bhfeidhm maidir le ceantanna chun tacú le teicneolaíochtaí hidrigine is féidir a úsáid freisin chun hidrigin nach bhfuil inathnuaite a

---

[7] Treoir 2009/81/CE, Treoir 2014/23/AE, Treoir 2014/24/AE nó Treoir 2014/25/AE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

[8] Ionadchoinneálaí tagartha don Treoraíocht maidir le hAirteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le cur chun feidhme Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (IO C, C/2026/123, 7.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/123/oj).

[10] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

[11] Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir teicneolaíochtaí ceallraí agus stórála fuinnimh a chur chun cinn mar sin féin tríd an gcritéar maidir le comhtháthú córais fuinnimh a chur i bhfeidhm.

tháirgeadh de réir RED. Chun go ríomhfar íostairseach an mhéid ceantála nach mór ceanglais Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a chur i bhfeidhm, áfach, ní féidir hidrigin nach de thionscnamh inathnuaite í a chur san áireamh. Ciallaíonn '**breoslaí malartacha inbhuanaithe**' mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (7) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, breoslaí eitlíochta sintéiseacha ísealcharbóin nó hidrigin le haghaidh eitlíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (7), (13) nó (17) de Rialachán (AE) 2023/2405 atá ceaptha don earnáil eitlíochta nó breoslaí atá ceaptha don earnáil mhuirí mar a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2023/1805. Ós rud é go n-áirítear sa sainmhíniú sin breoslaí ó fhoinse fuinnimh neamh-inathnuaite, is gá a shoiléiriú gurb iad teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe a úsáidtear chun fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh agus iad sin amháin a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Dá bhrí sin, is iad seo a leanas breoslaí malartacha inbhuanaithe atá inathnuaite freisin agus a thagann faoin raon feidhme: bithbhreoslaí agus breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch (RFNBOnna) a úsáidtear san eitlíocht, agus bithbhreoslaí, bithghás agus RFNBOnna a úsáidtear sa tionscal muirí.

Thairis sin, ní thagann hidreachumhacht, bithmhais, gás láithreáin líonta agus gás ó ghléasra cóireála séarachais, teicneolaíochtaí fuinnimh osmóisigh ná teicneolaíochtaí fuinnimh chomhthimpeallaigh seachas teaschaidéil faoi raon feidhme Airteagal 26 ós rud é nach liostaítear iad in Airteagal 4(1), pointí (a) go (j), den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

Cumhdaítear **ceantanna ilteicneolaíochta** (i.e. ceantanna chun roinnt teicneolaíochtaí a chur in úsáid) le hAirteagal 26 más teicneolaíocht fuinnimh inathnuaite a chumhdaítear leis an airteagal sin é ceann amháin ar a laghad de na teicneolaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an cheant. I gcás ceantanna le haghaidh teicneolaíochtaí iomadúla a dtagann an t-iomlán acu faoi raon feidhme Airteagal 26 (e.g. fuinneamh gaoithe agus fótavoltachas gréine), tá feidhm ag forálacha Airteagal 26 maidir leis na teicneolaíochtaí uile. I gcás ceantanna nach dtagann ach ceann amháin nó níos mó de na teicneolaíochtaí incháilithe faoi raon feidhme Airteagal 26 (e.g. fótavoltachas gréine in éineacht le stóráil), níl feidhm ag Airteagal 26 ach amháin maidir leis an gcomhpháirt fuinnimh inathnuaite. Dá bhrí sin, ní dhéanfar ach an méid de thoilleadh an cheant atá tiomnaithe don teicneolaíocht fuinnimh inathnuaite a áireamh agus comhlíonadh oibleagáidí Airteagal 26 á sheiceáil. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú go leathnóidh siad cur i bhfeidhm na gcritéar neamhphraghais chuig an gcomhpháirt stórála. Thairis sin, cé nach dtagann teicneolaíochtaí ceallraí agus stórála fuinnimh go díreach faoi raon feidhme Airteagal 26, is féidir leis na Ballstáit tacú fós lena gcur in úsáid tríd an gcritéar maidir le comhtháthú córais fuinnimh a chur i bhfeidhm i measc na roghanna a thugtar faoi na breithnithe inbhuanaitheachta.

(2) *suas le 30 % ar a laghad den mhéid a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit nó, de rogha air sin, suas le 6 ghigeavata ar a laghad in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit chun fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur in úsáid*

An méid a chuirtear ar ceant, tomhaistear é ar bhonn thoilleadh nó ghiniúint na suiteálacha fuinnimh inathnuaite a bhféachann na ceantanna le tacú leo. Ba cheart an tairseach 30 % a ríomh agus úsáid á baint as méadrach comhchosúil le haghaidh an mhéid iomláin a chuirtear ar ceant, bíodh sé bunaithe ar thoilleadh nó ar ghiniúint, agus ríomhtar é ón méid iomlán a chuirtear ar ceant ar fud na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite uile (i.e. ní ar bhonn gach teicneolaíochta fuinnimh inathnuaite ar leithligh).

Tagraíonn 'in aghaidh na bliana' do bhlianta féilire, rud a chiallaíonn go mbeidh ar na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh 30 % ar a laghad den mhéid a chuirtear ar ceant in aghaidh an Bhallstáit i ngach bliain féilire dar tús 2026 (nó, de rogha air sin, suas le 6 ghigeavata ar a laghad a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana) ceanglais Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Is é dáta foilsithe an cheant, seachas dáta na dámhachtana, an dáta ábhartha chun an méid a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana a ríomh. Má fhoilsítear ceant i mí na Samhna 2026 agus má fhógraítear torthaí an cheant i mí na Bealtaine 2027, mar shampla, cuirtear méid an cheant san áireamh sa bhliain inar foilsíodh an ceant, arb í an bhliain féilire 2026 sa chás seo.

Cé acu a thagann nó nach dtagann ceant faoi raon feidhme Airteagal 26, braitheann sé ar chuspóir an cheant. Tá feidhm ag Airteagal 26 maidir le ceantanna mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, i.e. iad siúd arna ndearadh mar shásraí le haghaidh nósanna imeachta iomaíocha tairisceana chun tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite nach dtagann faoi raon feidhme na dTreoracha maidir le Soláthar Poiblí ([12]). Ceantanna nach dtagann faoin sainmhíniú sin, i.e. ceantanna atá teoranta do cheadúnas nó ceart lamháltais a dheonú chun grinneall na farraige a úsáid, gan tacú le táirgeadh ná tomhaltas fuinnimh inathnuaite, eisiatar ó raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta iad. Is amhlaidh sin freisin i gcás na mBallstát a reáchtálann ceant ar dtús chun cearta léasa agus forbartha a dheonú agus a reáchtálann ceant ina dhiaidh sin chun tacaíocht airgeadais a sholáthar.).

([12]) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó Treoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE.


Agus tacaíocht á tabhairt do theicneolaíochtaí glan-nialasachta, ní féidir tacú leis na costais chéanna faoi dhó. Dá bhrí sin, ní féidir cás a bheith ann ina mbeadh feidhm ag Airteagail 26 agus 28, araon, den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ([13]).

## 2.2. **Díolúintí agus forálacha speisialta**

Le hAirteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, tugtar an tsolúbthacht do na Ballstáit ceantanna áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid critéir neamhphraghais a áireamh agus na ceantanna sin a eisiamh ó ríomh na méideanna a chuirtear ar ceant, in aghaidh na bliana agus in aghaidh an Bhallstáit, chun an oibleagáid 30 % nó 6 GW d'Airteagal 26(7) a ríomh faoi choinníollacha áirithe. Tugtar tuairisc ar na coinníollacha sin in Airteagal 26(5), (10) agus (11) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus déantar achoimre orthu i bhfíor 1.

*Fíor 1*

**Achoimre ar dhíolúintí**




([13]) Má dheonaíonn Ballstát cabhair infheistíochta nó oibriúcháin le haghaidh suiteálacha fótavoltachais trí cheant, ceadaítear le hAirteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta go n-úsáidfear critéir an Ghnímh sin mar:
— critéir incháilitheachta; nó
— critéir dhámhachtana (i.e. chun níos mó pointí a thabhairt sa cheant do thionscadail a chomhlíonann critéir an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta).

I gcás tacaíocht a dheonaítear le haghaidh fótavoltachais, mar shampla, ní féidir tacú leis na costais incháilithe chéanna (costais fála an fhótavoltachais) trí bheart tacaíochta eile. Dá bhrí sin, ní féidir tacú le fótavoltachas trí bheart cabhrach infheistíochta ar leithligh (le cúiteamh airgeadais breise faoi Airteagal 28 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, mar shampla).

Má dheonaíonn Ballstát cabhair infheistíochta chun fótavoltachas a fháil lasmuigh de cheant (e.g. ar bhonn dhéine na cabhrach), ceadaítear an méid seo a leanas le hAirteagal 28 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta:
— critéir neamhphraghais a úsáid mar chritéir incháilitheachta; nó
— cúiteamh airgeadais breise a dheonú le haghaidh an fhótavoltachais a chomhlíonann an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta laistigh de theorainneacha déine cabhrach na rialacha ábhartha maidir le státchabhair. Cinntear na teorainneacha déine cabhrach sin leis na forálacha is infheidhme den Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine, de Chreat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan nó de na Treoirlínte maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh (CEEAG).

Ní féidir tacú leis na costais incháilithe chéanna faoi níos mó ná beart tacaíochta amháin. Ciallaíonn sé sin nach féidir le cabhair infheistíochta arna deonú le haghaidh fótavoltachais lasmuigh de cheant (le cúiteamh airgeadais breise faoi Airteagal 28 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, mar shampla) tacaíocht a fháil le haghaidh na gcostas incháilithe céanna (costais fála an fhótavoltachais) faoi bheart tacaíochta eile i gcás, mar shampla, ina ndeonófaí cabhair trí cheant (bíodh an ceant ag teacht faoi raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta nó ná bíodh).

Dá bhrí sin, sa chás go ndeonaítear tacaíocht, ní féidir cás a bheith ann ina mbeadh feidhm ag Airteagail 26 agus 28, araon, den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

### 2.2.1. *Costais dhíréireacha an cheant*

Luaitear in Airteagal 26(5) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta nár cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit critéir neamhphraghais mhír 1 a áireamh ina gceantanna dá dtabhóidís costais dhíréireacha trí na critéir sin a chur i bhfeidhm.

De réir na forála sin, féadfar a mheas gur costais dhíréireacha iad difríochtaí costais measta os cionn 15 % in aghaidh an cheant.

Tá sé tábhachtach a shoiléiriú nach dtagraíonn an téarma 'difríochtaí costais measta' do dhifríochtaí costais na dteicneolaíochtaí sonracha a chuirtear ar ceant – amhail táirgí deiridh nó comhpháirteanna – ach do chostais an cheant, i.e. an costas arna thabhú ag an mBallstát as na critéir neamhphraghais a chur i bhfeidhm, i dtéarmaí tacaíocht níos airde a thabhairt do bhuaiteoirí an cheant nó ioncam níos ísle a eascraíonn as an gceant. Ní mór don Bhallstát measúnú a dhéanamh ar an gcostas díréireach sula bhfoilseofar an ceant. Ní féidir é a léiriú ach amháin má sholáthraíonn an Ballstát sonraí oibiachtúla infhíoraithe lena léirítear go dtiocfaidh difríochtaí costais os cionn 15 % as cur i bhfeidhm na gcritéar neamhphraghais sin idir ceant a dhéantar agus úsáid á baint as na critéir neamhphraghais sin agus ceant a dhéantar gan critéir neamhphraghais a úsáid le haghaidh teicneolaíocht ar leith. Chun an clásal sin a chur i bhfeidhm, ciallaíonn 'sonraí oibiachtúla infhíoraithe' go mbeadh ar na Ballstáit sonraí a sholáthar bunaithe ar anailís mhargaidh chruinn lena léirítear go bhfágfadh cur i bhfeidhm na gcritéar go méadódh costas tionscadal tairisceana go leibhéal a mbeadh costais dhíréireacha mar thoradh air dá gcuirfí i gcomparáid é le hanailís fhrithfhíorasach ar chostais mura gcuirfí critéir neamhphraghais Airteagal 26 i bhfeidhm. D'fhéadfaí costas na gceantanna is déanaí a úsáid mar thagairt, agus tosca eile á gcur san áireamh, amhail boilsciú, costas caipitil nó srianta ar an slabhra soláthair, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcostas ceantála freisin. Ní mór sonraí a bheith infhíoraithe sa chiall gur gá páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin anailís arna déanamh ag an mBallstát agus gur gá na sonraí foluiteacha a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara.

Ós rud é go bhfuil méid áirithe solúbthachta ag na Ballstáit maidir leis na critéir neamhphraghais a chur i bhfeidhm – lena n-áirítear, mar shampla, an fhéidearthacht go gcuirfí cuid acu i bhfeidhm mar chritéir dhámhachtana agus ualú íseal a thabhairt do na critéir dhámhachtana sin – ní mór an meastachán ar an difríocht chostais a bheith bunaithe ar an meascán critéar agus ar shocrú na gcritéar sin a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar chostais. Má thagann difríochtaí costais measta is mó ná 15 % as cur i bhfeidhm na gcritéar ar an leibhéal is ísle, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan critéir neamhphraghais Airteagal 26 a chur i bhfeidhm.

### 2.2.2. *Díolúine le haghaidh ceantanna beaga*

Le hAirteagal 26(10) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ceadaítear go ndéanfar ceantanna le haghaidh suiteálacha a bhfuil uasmhéid tionscadail 10 MW acu a eisiamh ó ríomh na méideanna a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana agus in aghaidh an Bhallstáit chun an oibleagáid 30 % nó 6 GW d'Airteagal 26(7) a ríomh. Is minic nach bhfaigheann Ballstáit bheaga tairiscintí ach ó thionscadail bheaga mar gheall ar infhaighteacht theoranta talún. Dá bhrí sin, is é is aidhm don fhoráil sin a fhágáil nach mbeidh ró-ualach ar thionscadail bheaga, ar micrifhiontair nó fiontair bheaga nó mheánmhéide go minic a dhéanann iad, maidir leis an oibleagáid critéir a chur i bhfeidhm arbh fhéidir nach mbeidís in ann a chomhlíonadh.

Ní thagraíonn an tairseach 10 MW d'uasmhéid iomlán an cheant, ach d'uastoilleadh na dtionscadal a mheastar a bheith incháilithe faoin gceant. Fágann sé sin nach féidir tionscadail a bhfuil toilleadh faoi bhun 10 MW iontu agus a ghlacann páirt i gceant gan uastairseach toillte nó a bhfuil tairseach toillte níos airde ná sin aige a shaoradh ó chritéir neamhphraghais Airteagal 26 a chur i bhfeidhm.

### 2.2.3. *Díolúine le haghaidh ceantanna a ndéantar suibscríobh easnamhach ina leith*

Le hAirteagal 26(10) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta déantar foráil freisin maidir le díolúine i gcás ceantanna a ndéantar suibscríobh easnamhach ina leith. I gcás ina ndéantar suibscríobh easnamhach i leith ceant le haghaidh teicneolaíocht shonrach ar cuireadh critéir neamhphraghais i bhfeidhm maidir léi, féadfar an sciar den mhéid ceantála a bhfuil suibscríobh easnamhach déanta ina leith a eisiamh ó chur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le critéir neamhphraghais.

Bíonn tearc-éileamh a bheith i gceist le ceant i gcás ina gcumhdaítear leis na tairiscintí a chuirtear i láthair le haghaidh an cheant sin méid atá faoi bhun mhéid iomlán na hacmhainneachta a chuirtear ar ceant. I dtéarmaí praiticiúla, ciallaíonn sé sin go bhféadfar an méid ceantála nach ndámhtar a asbhaint ó na ríomhanna le haghaidh na híostairsí éigeantaí 30 % den mhéid (nó 6 GW) a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana in aghaidh an Bhallstáit mar a leagtar síos in Airteagal 26(7) agus go bhféadfar é a chur ar ceant an athuair an bhliain sin nó an bhliain dár gcionn. Ní hinfheidhme sin, áfach, ach amháin má chuirtear an teicneolaíocht shonrach chéanna ar ceant an athuair. Mar shampla, ní fhéadfar an méid de cheant fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a ndéantar suibscríobh easnamhach ina leith a eisiamh ó ríomh na tairsí 30 % ach amháin trína asbhaint ó cheant eile ina dhiaidh sin le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta.

Má chuireann Ballstát méid iomlán 1 GW ar ceant in 2026, mar shampla, ní mór forálacha an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta a chomhlíonadh le 300 MW de sin ar a laghad. Má bhíonn 100 MW fós neamhshuibscríofa in 2026, féadfar an méid sin a chur ar ceant an athuair aon tráth gan cur le méid iomlán an cheant. Má chuirtear 1 GW ar ceant in 2027, mar shampla, ní mór an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a chomhlíonadh le 270 MW de sin ar a laghad (i.e. 30 % de 900 MW tar éis an 100 MW a ndearnadh suibscríobh easnamhach ina leith a asbhaint ó 2026).

2.2.4. *Díolúine le haghaidh méid íseal ceantanna*


Chun é a dhéanamh níos éasca do na Ballstáit a bhfuil méid íseal ceantanna acu an oibleagáid maidir le critéir neamhphraghais a chur chun feidhme, soláthraítear solúbthacht le hAirteagal 26(11) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta maidir le cur i bhfeidhm ama na tairsí éigeantaí 30 %. Cé go mbíonn an oibleagáid critéir neamhphraghais a shocrú infheidhme de ghnáth maidir le 30 % de na méideanna a chuirtear ar ceant in aghaidh na bliana, féadfaidh na Ballstáit nár sheol níos mó ná dhá cheant in aghaidh na bliana sa 2 bhliain roimhe sin sciar na gceantanna a bhfuil feidhm ag na forálacha maidir le critéir neamhphraghais ina leith a ríomh i gcaitheamh na tréimhse 2 bhliain sin seachas ar bhonn bliantúil. Fágann sé sin, mar shampla, go bhféadfaidh na Ballstáit a thagann faoin riail speisialta sin cinneadh a dhéanamh critéir neamhphraghais Airteagal 26 a chur i bhfeidhm ní maidir leis na ceantanna a fhoilsítear i mbliain ar leith, ach sa bhliain ina dhiaidh sin amháin, nó na critéir neamhphraghais a chur i bhfeidhm maidir le sciar níos ísle ná 30 % den mhéid ceantála i mbliain ar leith agus maidir le sciar níos airde an bhliain dár gcionn, ar choinníoll go gcuirtear na critéir i bhfeidhm maidir le 30 % den mhéid iomlán a chuirtear ar ceant sa tréimhse 2 bhliain. Tá sampla sonrach sa tábla thíos:

| Ceantanna (2026 agus 2027) | Bliain | Méid a chuirtear ar ceant |
|---|---|---|
| Ceant Uimh. 1 | 2026 | 100 MW |
| Ceant Uimh. 2 | 2026 | 300 MW |
| Ceant Uimh. 3 | 2027 | 300 MW |
| Ceant Uimh. 4 | 2027 | 300 MW |
| Iomlán | | 1 000 MW/1 GW |

Dá bhrí sin, is é seo a leanas an t-íosmhéid is gá a bheith i gcomhlíontacht le forálacha Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta: 30 % de 1 000 MW = 300 MW. Fágann sé sin, má chomhlíonann ceant Uimh. 4 in 2027 ceanglais an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta, go gcomhlíontar an íostairseach le haghaidh ceantanna a chomhlíonann an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

*Fíor 2*

**Dáileadh ceantanna ar luach íseal**




Méid iomlán i gcaitheamh thréimhse 2 bhliain = 100 + 300 + 300 + 300 = 1 000 MW/1 GW

An t-íosmhéid is gá a bheith i gcomhlíontacht le forálacha an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta = 30 % de 1 000 MW = 300 MW

Má chomhlíonann an dara ceant in 2027 (a leagtar amach) ceanglais an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta, comhlíontar dá bhrí sin an íostairseach le haghaidh ceantanna a chomhlíonann an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

### 3. CEANTANNA A nÁIRÍTEAR CRITÉIR NEAMHPHRAGHAIS IONTU A DHEARADH

Le hAirteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, leagtar síos rialacha maidir le ceantanna a dhearadh chun foinsí fuinnimh inathnuaite a chur in úsáid. Tugtar isteach leis an ceanglas critéir áirithe neamhphraghais a chur i bhfeidhm – mar chritéir réamhcháiliúcháin, critéir dhámhachtana nó meascán den dá rud – i ndearadh ceantanna náisiúnta.

— Is iad na **critéir réamhcháiliúcháin** na híoscheanglais nach mór do thairgeoir ionchasach a chomhlíonadh chun bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa cheant nó sa phróiseas tairisceana. Is critéar pas/teipe iad critéir réamhcháiliúcháin agus dá réir sin is féidir leo a bheith ina n-ionstraim roghnúcháin láidir chun a áirithiú nach ndéanfar tuilleadh meastóireachta ach ar na tairgeoirí a chomhlíonann na critéir réamhcháiliúcháin.

— Is éard is **critéir dhámhachtana** ann critéir a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí a chuirtear isteach agus chun comparáid a dhéanamh eatarthu agus feidhmíonn siad mar bhonn chun an tairiscint ar éirigh léi a roghnú.

— Féadfar **meascán de chritéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana** araon a úsáid, e.g. roinnt ceanglais de chritéar sonrach a chur i bhfeidhm mar chritéir réamhcháiliúcháin agus cinn eile a chur i bhfeidhm mar chritéir dhámhachtana.


Le hAirteagal 26(1) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ceanglaítear ar na Ballstáit na critéir seo a leanas a áireamh i ndearadh a gceantanna:

‘(a) ***critéir réamhcháiliúcháin*** *a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) iompar gnó freagrach; (ii) cibearshlándáil agus slándáil sonraí; agus (iii) an cumas an tionscadal a chur i gcrích go hiomlán agus in am;*

(b) ***critéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana*** *chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta an cheant… …’*

*Fíor 3*

**Critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana**




Dá bhrí sin, na trí chritéar neamhphraghais a liostaítear i bpointe (a) – iompar gnó freagrach, cibearshlándáil agus slándáil sonraí, agus an cumas an tionscadal a chur i gcrích go hiomlán agus in am – ní mór iad a áireamh i ndearadh an cheant mar chritéir réamhcháiliúcháin. Ar an taobh eile, tá sé de sholúbthacht ag na Ballstáit na critéir éigeantacha neamhphraghais a bhaineann le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht a shocrú mar chritéir réamhcháiliúcháin, mar chritéir dhámhachtana nó mar mheascán den dá rud (féach Roinn 4.4 mar shampla). Tugann sé sin an tsolúbthacht d'údaráis phoiblí dearadh an cheant agus dearadh na gcritéar neamhphraghais a oiriúnú dá gceanglais shonracha.

I gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 26(2), féadfaidh na Ballstáit critéir bhreise neamhphraghais a úsáid nach iad na critéir sin a liostaítear in Airteagal 26(2) iad.

Agus critéir neamhphraghais Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta á gcur i bhfeidhm acu, comhlíonfaidh na Ballstáit forálacha an airteagail sin agus na sonraíochtaí le haghaidh na gcritéar sin a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176. Ní mór do na Ballstáit gan imeacht ó chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme, mura gceadaítear sin go sainráite dóibh, agus ní mór na critéir neamhphraghais a leagtar síos ina gceantanna a bheith ag cloí leis na ceanglais sin.

Agus athléimneacht á cur i bhfeidhm, mar shampla, níor cheart do na Ballstáit ceanglais athléimneachta a fhorchur atá níos déine ná na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme. Ós rud é go gceanglaítear le hAirteagal 7 den Rialachán Cur Chun Feidhme, chun go gcomhlíonfaidh teicneolaíochtaí fótavoltachais an critéar athléimneachta, nach mór gan ceithre phríomh-chomhpháirt shonracha ar a laghad, ar comhpháirteanna de rogha na dtairgeoirí iad ([14]), a bheith de thionscnamh tríú tír ar a bhfuil an tAontas ag brath, ní féidir leis na Ballstáit an ceanglas sin a athrú go trí nó cúig phríomh-chomhpháirt shonracha. Mar sin féin, má chuirtear athléimneacht i bhfeidhm mar chritéar dámhachtana, tá sé de rogha ag na Ballstáit, i gcomhréir le haithris 9 den Rialachán Cur Chun Feidhme, pointí breise a dhámhachtain (anuas ar na pointí atá le dámhachtain má chomhlíontar íoscheanglais Airteagal 7(1), an chéad fhomhír, pointí (a) go (f),) as dul níos faide ná na híoscheanglais athléimneachta. Mar sin féin, ní cheadaítear leis sin go ndéanfaí aon mhodhnú ar na critéir athléimneachta neamhphraghais a liostaítear agus a shonraítear sa Rialachán Cur Chun Feidhme.

([14]) Laistigh den liosta táirgí deiridh agus príomh-chomhpháirteanna sonracha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178.


Mar a mhínítear in aithris 9 den Rialachán Cur Chun Feidhme, 'agus cinneadh á dhéanamh maidir le hathléimneacht a chur i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana i leith teicneolaíochtaí glan-nialasachta nó a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha, ba cheart do na húdaráis ábhartha leibhéal spleáchais an Aontais ar thríú tír le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta sin nó a príomh-chomhpháirte sonraí, infhaighteacht foinsí malartacha soláthair agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athléimneacht a chur i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin in ionad critéar dámhachtana ar sholáthar na príomh-chomhpháirte sonraí sin a chur san áireamh'. Chun a áirithiú go léireofar na breithnithe sin go hiomchuí i ndearadh an cheant, ba cheart do na Ballstáit tionchair dhiúltacha ar iomaíochas an phróisis tairisceana a sheachaint agus ba cheart dóibh na critéir a shainiú agus meastóireacht a dhéanamh orthu ar bhealach oibiachtúil trédhearcach neamh-idirdhealaitheach, nach mbeidh méadú díréireach ar chostais mar thoradh orthu. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina gcuireann critéar neamhphraghais a chuirtear i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin teorainn leis an líon soláthróirí toisc go n-eisiatar le sonraíochtaí an chritéir neamhphraghais soláthróirí a bhfuil comhlíonadh an chritéir sin an-deacair nó an-chostasach orthu, mar gheall, mar shampla, ar shaintréithe teicniúla an táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta atá i gceist. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chritéar dámhachtana a úsáid seachas critéar réamhcháiliúcháin nó, i gcás ina n-úsáidtear critéar réamhcháiliúcháin, é a fhoirmliú ar bhealach lena n-áirithítear rannpháirtíocht leathan soláthróirí.

**Critéir neamhphraghais a ualú mar chritéir dhámhachtana**

Foráiltear le hAirteagal 26(4) 'nuair a chuirtear i bhfeidhm iad mar chritéir dhámhachtana, tabharfaidh na Ballstáit íosualú de 5 % agus ualú comhcheangailte idir 15 % agus 30 % de na critéir dhámhachtana do gach ceann acu chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta an cheant.' Ciallaíonn sé sin, má chuirtear critéir neamhphraghais i bhfeidhm mar chritéir dhámhachtana, gur cheart a n-íosualú a bheith cothrom le 15 % san iomlán agus le 5 % i gcás gach critéir. Ballstát a chuireann critéir athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil i bhfeidhm mar chritéir dhámhachtana maidir le ceant, mar shampla, d'fhéadfadh sé ualú comhcheangailte 15 % a thabhairt dóibh (e.g. 5 % don inbhuanaitheacht chomhshaoil agus 10 % don athléimneacht). I gcás ina gcomhcheanglódh Ballstát critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana agus nach n-úsáidfeadh sé ach critéar neamhphraghais amháin mar an critéar dámhachtana (e.g. nuálaíocht mar an critéar réamhcháiliúcháin agus athléimneacht mar an critéar dámhachtana), ba cheart íosualú 5 % a bheith ag an gcritéar dámhachtana neamhphraghais.

*Fíor 4*

**Ualú critéar neamhphraghais**



Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht go dtabharfaí ualú níos airde do na critéir dhámhachtana neamhphraghais mura bhfuil aon státchabhair i gceist ([15]). Aithnítear go sainráite sna rialacha maidir le státchabhair go bhféadfaí critéir neamhphraghais a úsáid i gcás ina bhfuil státchabhair ann (Treoirlínte maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh (CEEAG) agus Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan (CSCCTG)) ([16]). Tugtar tuilleadh treoraíochta sa treoraíocht maidir le dearadh ceantanna le haghaidh fuinneamh inathnuaite ([17]). Má tá baint ag státchabhair leis an gceant, ní mór ualú na gcritéar dámhachtana neamhphraghais a bheith i gcomhréir le haon teorainn le critéir neamhphraghais a leagtar síos faoi na rialacha maidir le státchabhair. Tá an t-ualú 30 % i gcás critéir neamhphraghais in Airteagal 26(4) ailínithe le Treoirlínte 2022 maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh (CEEAG) ([18]) agus le Creat Státchabhrach an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan 2025 (CSCCTG) ([19]), lenar socraíodh uasualú 30 % i gcás critéir neamhphraghais i gceantanna a bhfuil baint ag státchabhair leo. Sampla de cheantanna a bhfuil baint ag státchabhair leo is ea conarthaí difríochta dhá threo.

## 4. **CRITÉIR NEAMHPHRAGHAIS A SHONRÚ AGUS MEASÚNÚ A DHÉANAMH ORTHU**

Sonraítear a thuilleadh sa Rialachán Cur Chun Feidhme na critéir neamhphraghais a leagtar amach sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, agus é d'aidhm aige a ndearadh agus a gcur i bhfeidhm i gceantanna fuinnimh inathnuaite ar fud an Aontais a chomhchuibhiú a mhéid is féidir. Cuidíonn sé sin le costais idirbheart a laghdú, deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, agus an tsolúbthacht fós á tabhairt do na Ballstáit na critéir a oiriúnú dá gcórais cheantála náisiúnta agus dá gcuspóirí beartais. Níorbh fhéidir comhchuibhiú iomlán a dhéanamh i ngach cás, áfach. Leis an Rialachán Cur Chun Feidhme forbraítear cuid de na critéir inbhuanaitheachta comhshaoil, mar shampla, a fhéadfaidh na Ballstáit a chur i bhfeidhm i gceantanna, gan iad a chomhchuibhiú go hiomlán. Thairis sin, tá na Ballstáit fós in ann critéir a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil seachas iad sin a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme a chur i bhfeidhm.

Féadfar dearadh agus cur i bhfeidhm na gcritéar neamhphraghais a ailíniú ar bhealaí eile seachas comhchuibhiú rialála, i.e. trí chomhordú i measc na mBallstát, lena n-áirítear trí ardán an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta. Tá sé sin tábhachtach chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcritéar neamhphraghais a áirithiú, ilroinnt an mhargaidh a sheachaint agus comharthaí soiléire a thabhairt do pháirtithe leasmhara.

Ba cheart gach critéar neamhphraghais a mheasúnú agus a scóráil go neamhspleách, lena n-áirithítear go ndéantar meastóireacht oibiachtúil ar na tairiscintí.

---

([15]) Ní féidir sin ach amháin mura ndéantar, mar thoradh ar an ualú níos airde sin do chritéir neamhphraghais a áireamh, beart 'gan chabhair' a athaicmiú mar bheart státchabhrach i gcomhréir leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1).

([16]) CEEAG, pointí 49 agus 50, agus CSCCTG pointe (15) (d):
I gcás scéimeanna tacaíochta a fhormheastar faoi CEEAG: 'Mar riail ghinearálta, na critéir roghnúcháin a úsáidtear chun tairiscintí a rangú [i gcás ina soláthraítear státchabhair] agus, i ndeireadh thiar thall, chun an chabhair a leithdháileadh sa phróiseas tairisceana iomaíoch, ba cheart do na critéir sin cur le príomhchuspóirí an bhirt a chur i gcoibhneas díreach nó indíreach le méid na cabhrach arna iarraidh ag an iarratasóir. Féadfar é sin a chur in iúl, mar shampla, i dtéarmaí cabhrach in aghaidh an aonaid chosanta comhshaoil nó cabhrach in aghaidh an aonaid fuinnimh. D'fhéadfadh sé gurb iomchuí freisin critéir roghnúcháin eile a áireamh, ar critéir é nach mbaineann go díreach ná go hindíreach le príomhchuspóirí an bhirt. I gcásanna den sórt sin, caithfidh nach mó ná 30 % d'ualú na gcritéar roghnúcháin ar fad na critéir eile sin. Ní mór don Bhallstát cúiseanna a thabhairt maidir leis an gcur chuige atá beartaithe agus a áirithiú go bhfuil sé iomchuí do na cuspóirí atá á saothrú.'
I gcás scéimeanna tacaíochta a fhormheastar faoi CSCCTG: *'ciallaíonn "próiseas tairisceana iomaíoch" próiseas tairisceana a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas: (i) atá oscailte, soiléir, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, a shainítear ex ante i gcomhréir le cuspóir an bhirt agus a íoslaghdaíonn riosca na tairisceana straitéisí; (ii) a bhfuil 70 % de ar a laghad sna critéir roghnúcháin iomlána á n-úsáid chun tairiscintí a rangú, arna sainiú i dtéarmaí cabhrach in aghaidh an aonaid cosanta comhshaoil (amhail cabhair in aghaidh an aonaid d'aschur fuinnimh tagartha nó na hacmhainneachta suiteáilte nó na seirbhíse solúbthachta dá bhforáiltear faoi roinn 4, nó EUR in aghaidh an tona CO2 laghdaithe nó an aonaid fuinnimh arna choigilt faoi roinn 5);...'*

([17]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Guidance to Member States on auction design for renewable energy – Accompanying the document Recommendation on auction design for renewable energy* [Treoraíocht do na Ballstáit maidir le dearadh ceantanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite – a ghabhann leis an doiciméad dar teideal Moladh ón gCoimisiún maidir le dearadh ceantanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite] (C(2024) 2650).

([18]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022 (IO C 80, 18.2.2022, lch. 1).

([19]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Creat le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (IO C, C/2025/3602, 4.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3602/oj).

4.1. **Iompar gnó freagrach**

Is critéar réamhcháiliúcháin éigeantach é an critéar maidir le hiompar gnó freagrach. Is é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí a dhéanann na tairgeoirí ailínithe le riachtanais na sochaí agus an dúlra. Cuireann sé leis an gcreat ábhartha um chaighdeáin idirnáisiúnta. De bhun aithris 3 den Rialachán Cur Chun Feidhme, maidir leis an gcritéar neamhphraghais i ndáil le hiompar gnó freagrach, 'ba cheart dul níos faide ná na ceanglais díchill chuí i ndlí an Aontais atá ann cheana trína cheangal go ndéanfar beart chun dul i ngleic le príomhghnéithe an díchill chuí maidir le gníomhaíochtaí gnó ginearálta an tairgeora a bhaineann leis an gceant.' Dá bhrí sin, i gcomparáid leis an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointí (a) go (g), de Threoir (AE) 2024/1760 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach, tá raon feidhme níos leithne ag Airteagal 4 den Rialachán Cur Chun Feidhme agus tá feidhm aige maidir le tacar níos leithne cuideachtaí (i.e. cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach [20] mar a shainmhínítear in Airteagal 19a agus Airteagal 29a di agus sna leasuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin) agus, ina gcás siúd atá laistigh dá raon feidhme cheana féin, cuireann sé dlús lena chur i bhfeidhm (dá bhforáiltear i mí Iúil 2029). Leagtar síos oibleagáidí éagsúla in Airteagal 4 den Rialachán Cur Chun Feidhme ag brath ar phróifíl na dtairgeoirí. Is é an oibleagáid ghinearálta atá ar thairgeoirí (cé is moite de dhaoine nádúrtha, tairgeoirí nach dtagann faoi Airteagal 19a ná Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE agus pobail fuinnimh) gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt, ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gceant, ar chroí-eilimintí an díchill chuí a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointí (a) go (g), de Threoir (AE) 2024/1760 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus chun a n-iompar freagrach gnó a chur in iúl go poiblí trí bhíthin ráiteas poiblí lena gcumhdaítear ar a laghad na croí-eilimintí a liostaítear faoi mhír 61(a) go (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772.

Cinntear le Treoir (AE) 2024/1760 na critéir is infheidhme chun críoch an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta. Ós rud é go ndéanann Airteagal 4 den Rialachán Cur Chun Feidhme crostagairt do Threoir 2013/34/AE agus do Threoir (AE) 2024/1760 ar bhealach dinimiciúil, déanfar na critéir is infheidhme a ailíniú go huathoibríoch le hinneachar an dá Threoir sin de réir mar a fhorbraíonn sé. Le Treoir (AE) 2024/1760, arna leasú le pacáiste Omnibus I, cinntear na critéir feidhmíochta is infheidhme chun críoch an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta, agus i ndáil leis na cuideachtaí uile a thagann faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, áirithítear nach ndéanfar aon idirdhealú.

Daoine nádúrtha, tairgeoirí nach dtagann faoi Airteagal 19a ná Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE agus pobail fuinnimh a chuireann tairiscint i láthair maidir le tionscadail a bhfuil toilleadh faoi bhun 10 MW iontu, níl siad faoi cheangal ag na hoibleagáidí sin. Mar sin féin, má chuireann siad tairiscint i láthair maidir le tionscadail a bhfuil toilleadh is mó ná 10 MW iontu, is gá dóibh tuairisciú a dhéanamh, ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis an gceant, ar chroí-eilimintí an díchill chuí a leagtar amach i mír 61(c) agus (d) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 nó úsáid a bhaint as caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh úsáid dheonach a mholtar ar leibhéal an Aontais, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. Mar sin féin, féadfaidh na húdaráis ábhartha cinneadh a dhéanamh na hoibleagáidí ginearálta a chur i bhfeidhm maidir leis na tairgeoirí sin freisin (agus sa chás sin ní bheidh feidhm ag an oibleagáid tuairiscithe). D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina mbeadh imní ar Bhallstát go dtiocfadh tairgeoirí faoi úinéireacht nó faoi rialú forbróirí móra nó tríú páirtí eile ar deireadh.

I gcás inar fiontar tionscadail é eintiteas tairisceana, féadfaidh sé na ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 4(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme a chomhlíonadh trí thuarascáil inbhuanaitheachta chomhdhlúite a mháthairchuideachta, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis ábhartha a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó an fhiontair tionscadail in-sainaitheanta go soiléir laistigh den tuarascáil sin ionas gur féidir leis an údarás inniúil comhlíonadh na gceanglas díchill chuí is infheidhme a fhíorú. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur ar an bhfiontar tionscadail féin a fhanann an oibleagáid na ceanglais díchill chuí a leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme a chomhlíonadh. Cé go bhféadfaidh an mháthairchuideachta tuairisciú ar ghníomhaíochtaí an fhiontair tionscadail, ní féidir léi ionad an fhiontair tionscadail a ghlacadh chun gach eilimint den dícheall cuí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2024/1760 a chomhlíonadh. Mar shampla, ní féidir leis an máthairchuideachta feidhmíocht chonarthaí an fhiontair tionscadail a chur ar fionraí i gcás nach féidir drochthionchair a chosc ná a mhaolú go leordhóthanach, dá bhforáiltear faoi Airteagail 10 agus 11 de Threoir (AE) 2024/1760.

[20] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis bhliantúla airgeadais, leis na ráitis chomhdhlúite airgeadais agus le tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

## 4.2. Cibearshlándáil agus slándáil sonraí

Mar gheall ar na rioscaí cibearshlándála atá ag dul i méid don chóras leictreachais, áirítear an chibearshlándáil agus an tslándáil sonraí mar chritéir réamhcháiliúcháin éigeantacha in Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Leis an gcritéar neamhphraghais sin ba cheart a áirithiú go gcuirfidh tairgeoirí bearta chun feidhme chun rioscaí cibearshlándála sainaitheanta a bhainistiú, lena n-áirítear rioscaí slándála sa slabhra soláthair. Is é an réasúnaíocht atá taobh thiar d'Airteagal 5 den Rialachán Cur Chun Feidhme a áirithiú go nglacfar cur chuige bainistithe riosca, lena gcuirfear cur chun feidhme éifeachtach chun cinn agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar thairgeoirí á laghdú.

Faoi Airteagal 5(a) den Rialachán Cur Chun Feidhme, ceanglaítear ar gach tairgeoir bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach a dhéanamh lena léirítear prionsabail na slándála trí dhearadh agus mar réamhshocrú chun slándáil chóras gréasán agus faisnéise na suiteála a áirithiú. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, a cheangal ar thairgeoirí na bearta bainistithe riosca cibearshlándála a leagtar amach in Airteagal 21(2) de Threoir (AE) 2022/2555 ('an Dara Treoir NIS') a chur chun feidhme ([21]). Cur i bhfeidhm an cheanglais maidir le cibearshlándáil agus slándáil sonraí, baineann sé le gach tairgeoir, bíodh sé faoi raon feidhme an Dara Treoir NIS nó ná bíodh. Dá bhrí sin, cheanglódh na Ballstáit ar thairgeoirí a ghlacann páirt sa cheant agus nach dtagann faoi raon feidhme an Dara Treoir NIS bearta bainistithe riosca cibearshlándála a chur chun feidhme ar bhonn prionsabail a dhíorthaítear ón Treoir. Ar bhonn na bprionsabal ón Dara Treoir NIS, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear san áireamh sna bearta dá dtagraítear in Airteagal 21(2) den Treoir sin an úrscothacht agus, i gcás inarb infheidhme, caighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta, chomh maith le costas an chur chun feidhme. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart sin, ní mór aird chuí a thabhairt ar a mhéid atá an tairgeoir neamhchosanta ar rioscaí, ar mhéid an tairgeora agus ar an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais agus ar a thromchúisí atá siad, lena n-áirítear a dtionchar sochaíoch agus eacnamaíoch.

Maidir leis an gceanglas gur cheart prionsabal na slándála trí dhearadh a léiriú leis na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla chun slándáil chórais gréasán agus faisnéise na suiteála fuinnimh inathnuaite a áirithiú, ba cheart don tairgeoir (sula bhforbróidh sé an córas gréasán agus faisnéise a úsáidfear sa tsuiteáil, lena n-áirítear bogearraí) rialacha a leagan síos maidir le forbairt shlán córas gréasán agus faisnéise agus iad a chur i bhfeidhm agus na córais sin á bhforbairt go hinmheánach aige, nó forbairt na gcóras á seachfhoinsiú aige. Ba cheart gach céim den tsaolré a chumhdach leis na rialacha, lena n-áirítear sonraíocht, dearadh, forbairt, cur chun feidhme, cothabháil agus tástáil.

I gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí araon, leagtar amach sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht (Rialachán (AE) 2024/2847) **ceanglais chibearshlándála lena sainítear cur chuige slándála trí dhearadh**. Is féidir le monaróirí, leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara eile teacht ar fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ([22]), lena n-áirítear ceisteanna coitianta ([23]). Ar an leibhéal Eorpach, caighdeáin chomhchuibhithe atá á bhforbairt ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú (féach caighdeáin Eorpacha faoin nGníomh um Chibear-Athléimneachta | STAN4CR) mar aon le treoraíocht atá le teacht ón gCoimisiún agus treoirlínte teicniúla atá le teacht ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) ([24]), cuideoidh siad a thuilleadh le cur chuige slándála trí dhearadh a chur chun feidhme. I measc na n-acmhainní eile tá treoirlínte náisiúnta arna bhfoilsiú ag na Ballstáit ([25]). Thairis sin, rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh mapáil ar na caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana sa staidéar *Mapála Caighdeán le haghaidh Cheanglais an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht* ([26]).

([21]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

([22]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/factpages/cyber-resilience-act-implementation.

([23]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/cyber-resilience-act-implementation-frequently-asked-questions.

([24]) https://www.enisa.europa.eu/.

([25]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/cra-manufacturers.

([26]) Hernandez Ramos, J.L., Karopoulos, G., Nai Fovino, I., Spigolon, R., Sportiello L., Steri, G., Gorniak, S., Magnabosco, P., Atoui, R., Crippa Martinez, C., *Cyber Resilence Act Requirements Standards Mapping* [Mapáil Caighdeán le haghaidh Cheanglais an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2760/905934, JRC137340.

Stóráil agus próiseáil sonraí a bhaineann le suiteálacha fuinnimh inathnuaite lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), d'fhéadfaidís a bheith ina mbagairt, faoi dhálaí áirithe, ar shlándáil na suiteála agus an chórais fhoriomláin agus a bheith bunoscionn leis an gcur chuige bainistithe riosca a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán Cur Chun Feidhme. Dá bhrí sin, leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme dhá chás nach mór do thairgeoirí a áirithiú nach ndéanfar sonraí a stóráil ná a phróiseáil lasmuigh de LEE ann:

(1) Má tá an tairgeoir faoi réir dlínse tríú tír lena gceanglaítear ar an tairgeoir faisnéis maidir leis na leochaileachtaí bogearraí nó crua-earraí a thuairisciú do na húdaráis, fiú sularb eol gur dúshaothraíodh na leochaileachtaí sin.

(2) Má tá an tairgeoir faoi réir dlínse tríú tír a ndearna gníomhaithe bagartha cibirghníomhaíochtaí nó cibirfheachtais mhailíseacha óna críoch, de réir ráiteas poiblí thar ceann an Aontais nó an Bhallstáit a dhéanann an ceant.

Ní mór do na Ballstáit na dlínsí tríú tír dá dtagraítear thuas a shainaithint agus úsáid á baint as na critéir a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme. Maidir leis an gcritéar go ndéanfar ráiteas poiblí thar ceann an Aontais go ndearna gníomhaithe bagartha ag oibriú dóibh as críoch tríú tír cibirghníomhaíochtaí nó cibirfheachtais mhailíseacha, tá tagairt in Aithris (5) do Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta ([27]), 'creat le haghaidh freagairt chomhpháirteach taidhleoireachta ón Aontas ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha' a cruthaíodh trí chonclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2017 (https://www.cyber-diplomacy-toolbox.com/). Soiléirítear a thuilleadh san aithris gur cheart do na Ballstáit aon bheart sriantach a chur san áireamh arna fhorchur ag an Aontas chun freagairt ar chibirionsaithe seachtracha, bunaithe ar Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle ([28]) an 17 Bealtaine 2019. Soláthraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ón gComhairle an liosta tríú tíortha a ndearnadh an ráiteas sin ina leith. A mhéid a bhaineann le ráitis phoiblí thar ceann an Bhallstáit a dhéanann an ceant, moltar do na Ballstáit dul i gcomhairle lena n-údaráis náisiúnta atá i gceannas ar chibearthaidhleoireacht chun a shainaithint ar glacadh ráitis phoiblí ábhartha – agus, má glacadh, cé na gnéithe ar ina leith a glacadh iad.

Má chomhlíontar ceachtar den dá choinníoll sin, ní mór do thairgeoirí plean cibearshlándála mionsonraithe a sholáthar lena leagtar amach na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla a chuirtear chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar sonraí arna n-úsáid nó arna nginiúint ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann le ceant a stóráil agus a phróiseáil laistigh de LEE agus nach n-aistreofar lasmuigh de LEE iad. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le sonraí a bhaineann le táirgí agus seirbhísí TFC a úsáidtear i dtionscadal an tairgeora, ní maidir leis na sonraí uile a ghineann agus a stórálann an tairgeoir nó oibríochtaí níos leithne a sholáthróirí. Meastar go ndéantar na sonraí a stóráil agus a phróiseáil laistigh de LEE i gcás ina stóráiltear agus a phróiseáiltear iad ar áitreabh an tairgeora in LEE, nó ar a fhreastalaithe laistigh de LEE. Thairis sin, meastar go ndéantar sonraí arna stóráil agus arna bpróiseáil sa néal a stóráil agus a phróiseáil laistigh de LEE i gcás ina stóráiltear agus a phróiseáiltear iad go heisiach i lárionaid sonraí a fhreastalaíonn ar an néal sin atá lonnaithe laistigh de LEE. Is fíor sin freisin i gcás cúltacaí agus iomarcaíochtaí freastalaí, nach mór a bheith in LEE freisin.

Mar a leagtar amach in Aithris (4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, tá tacar mór rioscaí cibearshlándála féideartha roimh shuiteálacha fuinnimh inathnuaite, ar rioscaí iad a bhaineann leis an slabhra soláthair amhail éilliú tromchúiseach gan choinne ar an slabhra soláthair, gan táirgí, seirbhísí nó próisis TFC a bheith ar fáil sa **slabhra soláthair** nó cibirionsaithe arna dtionscnamh ag gníomhaithe sa slabhra soláthair, lena n-áirítear ag gníomhaithe mailíseacha stáit agus coiriúla atá thar a bheith sofaisticiúil agus seasmhach. Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 5(c) den Rialachán Cur Chun Feidhme ar thairgeoirí a áirithiú agus a léiriú, i gcás ina mbraitheann an tairgeoir ar sholáthróirí chun táirgí TFC a úsáidtear sa tsuiteáil fuinnimh inathnuaite nó seirbhísí TFC a bhaineann lena hoibriú a sholáthar, go ndéanfaidh na soláthróirí na bearta dá dtagraítear i bpointe (a). Mar thoradh air sin, ní mór do sholáthróirí bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach a dhéanamh lena léirítear prionsabail na slándála trí dhearadh agus mar réamhshocrú chun slándáil córas gréasán agus faisnéise na suiteála fuinnimh inathnuaite a áirithiú lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, bearta a liostaítear in Airteagal 21(2) de Threoir (AE) 2022/2555. Thairis sin, tá feidhm ag forálacha Airteagal 5(b) den Rialachán Cur Chun Feidhme freisin maidir le soláthróirí táirgí agus seirbhísí TFC a chomhlíonann ceachtar de na coinníollacha thuas, agus sa chás sin ní mór dóibh bearta a ghlacadh freisin chun a áirithiú go ndéanfar sonraí arna n-úsáid nó arna nginiúint ina ngníomhaíochtaí gnó a bhaineann le ceant a stóráil agus a phróiseáil laistigh de LEE agus nach n-aistreofar lasmuigh de LEE iad. Ós rud é nach ndéanann soláthróirí TFC tairiscint go díreach sa cheant agus gurb é an tairgeoir a roghnaíonn iad, beidh sé de fhreagracht ar an tairgeoir a áirithiú go gcomhlíonfaidh aon soláthróir TFC a chomhlíonann ceachtar de na coinníollacha an oibleagáid sin freisin.

([27]) Conclúidí ón gComhairle maidir le creat le haghaidh Freagairt Chomhpháirteach Thaidhleoireachta ón Aontas ar Chibearghníomhaíochtaí Mailíseacha ('Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta'), an 19 Meitheamh 2017.

([28]) Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/796/oj).

Tá feidhm aige sin maidir le gach táirge TFC a úsáidtear sa tsuiteáil fuinnimh inathnuaite nó gach seirbhís TFC a bhaineann lena hoibriú. I Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil), sainmhínítear táirgí TFC mar 'eilimint nó grúpa eilimintí de chóras gréasán nó faisnéise', agus sainmhínítear seirbhísí TFC mar 's[h]eirbhís lena ndéantar, go hiomlán nó go páirteach, traschur, stóráil, aisghabháil nó próiseáil ar fhaisnéis trí bhíthin córais gréasán agus faisnéise' ([29]). Níl aon liosta iata uileghabhálach de tháirgí TFC agus seirbhísí TFC ann, óir tagann forbairt orthu i gcónaí.

Sonraítear an méid seo a leanas le hAirteagal 16(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme: 'Déanfar comhlíonadh na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 5 a mheasúnú trína cheangal ar thairgeoirí plean cibearshlándála an tionscadail tairisceana a chur i láthair agus é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta le linn chur chun feidhme an tionscadail.' Ba cheart don Bhallstát a eagraíonn an ceant na ceanglais shonracha maidir leis an bplean cibearshlándála a leagan síos, atá le cur isteach mar fhianaise ar chomhlíonadh sa phróiseas ceant. Leis an bplean cibearshlándála, ba cheart doiciméadú a dhéanamh ar an gcaoi a sainaithníonn an tairgeoir rioscaí cibearshlándála agus a dtugann sé aghaidh orthu, lena n-áirítear an chaoi a gcuireann an tairgeoir agus, i gcás inarb infheidhme, a sholáthróirí na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla is gá chun feidhme. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh féindearbhuithe, tuarascálacha iniúchóireachta nó deimhnithe ó thríú páirtithe neamhspleácha (deimhniú iomchuí ISO/IEC 27.001, mar shampla) nó tuarascálacha cigireachta ó údaráis atá inniúil ar chibearshlándáil, i measc nithe eile, leibhéal dearbhúcháin a sholáthar.

Maidir leis an gcritéar um rialú oibriúcháin in Airteagal 5(d) den Rialachán Cur Chun Feidhme, sainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de 'rialú oibriúcháin' mar 'an t-údarás chun beartais oibriúcháin a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme lena rialaítear gníomhaíochtaí, próisis agus acmhainní ó lá go lá chun feidhmiú rianúil suiteála a áirithiú, agus go háirithe feidhmiú rianúil a córas gréasán agus faisnéise'. Dá bhrí sin, is iad na ceanglais chinntitheacha maidir leis an gcritéar um rialú oibriúcháin (i) go bhfuil sé d'údarás ag an oibreoir beartais oibriúcháin a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme a bhaineann le leanúint d'oibriú na suiteála, go háirithe i gcás ina dtarlóidh cibirionsaí a mbeidh tionchar aige ar fheidhmiú rianúil suiteála agus ar fheidhmiú rianúil na gcóras gréasán agus faisnéise a thacaíonn leis an tsuiteáil, agus (ii) go bhfuil an t-oibreoir sin bunaithe in LEE. Is cineálacha cur chuige féideartha i leith cur chun feidhme iad na samplaí seo de 'rialú oibriúcháin' a leanas, ach ní liosta uileghabhálach iad. Beidh an cur chuige a roghnófar ag brath ar gach cás, ar na hacmhainní a bheidh ar fáil, ar chastacht na n-oibríochtaí atá i gceist agus ar thosca eile.

(1) Chun an leibhéal is airde rialaithe a fheidhmiú, féadfaidh an t-oibreoir atá bunaithe in LEE lárionaid rialaithe lán-iomarcacha a choinneáil ar bun, a bheidh in ann gnáthoibríochtaí a choinneáil ar bun fiú i gcás briseadh iomlán seirbhíse. Cé go n-uasmhéadaítear an athléimneacht leis an gcur chuige sin, tabhaítear costais oibriúcháin níos airde leis de ghnáth.

(2) Rogha eile a bheadh ann beartais agus nósanna imeachta a ghlacadh lena n-áiritheofar doiciméadacht iomchuí, nósanna imeachta um thabhairt ar láimh, trealamh spártha, oiliúint thráthrialta ar fhoireann oilte agus cleachtaí tráthrialta ionas go n-áiritheofar glacadh ar láimh rianúil na timpeallachta agus an cumas na beartais agus na nósanna imeachta sin a oibriú.

(3) Rogha eile is ea socruithe conarthacha a dhéanamh le soláthraithe malartacha, lena n-áiritheofar go mbeidh an saineolas agus an cumas acu oibríochtaí a ghlacadh ar láimh i gcás briseadh seirbhíse. Leis na socruithe sin ba cheart aistriú rianúil a éascú agus bristeacha seirbhíse a íoslaghdú.

(4) I ngach cás, ní mór do thairgeoirí a bheith in ann a léiriú go bhfuil sásraí i bhfeidhm acu chun rialú oibriúcháin a choinneáil ar bun, go háirithe i gcás cibirionsaí.

## 4.3. **An cumas an tionscadal a chur i gcrích go hiomlán agus in am**

Critéir réamhcháiliúcháin a bhaineann leis an gcumas an tionscadal a chur i gcrích go hiomlán agus in am, is ceanglais chaighdeánacha i gceantanna fuinnimh inathnuaite iad. Leagtar síos in Airteagal 6 den Rialachán Cur Chun Feidhme na dea-chleachtais atá bunaithe ar fud na hEorpa. Leagtar amach ann liosta doiciméad a bhaineann le tairgeoirí agus tionscadail agus forchuirtear oibleagáid ar thairgeoirí leis dhá cheann nó níos mó de na doiciméid ón liosta sin a sholáthar. Is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh cén dá dhoiciméad (nó níos mó) ón liosta nach mór do thairgeoirí a sholáthar. Ba cheart do na Ballstáit an doiciméadacht a cheanglaítear le haghaidh an cheant a oiriúnú do shaintréithe an cheant, amhail costais an tionscadail, rioscaí an tionscadail, toilleadh an tionscadail, aibíocht na teicneolaíochta, an méid nuálaíochta a cheanglaítear leis an gceant agus dálaí margaidh ábhartha eile.

([29]) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/oj).

4.4. **Rannchuidiú athléimneachta**

I gcomhréir le hAirteagal 26(2) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, le ceantanna, rannchuideofar leis an athléimneacht, ag cur san áireamh an cion den teicneolaíocht glan-nialasachta nó a príomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tír lena gcuimsítear níos mó ná 50 % de sholáthar na teicneolaíochta glan-nialasachta sin nó a príomh-chomhpháirteanna laistigh den Aontas.'

De réir aithris 9 den Rialachán Cur Chun Feidhme, is é is aidhm don chritéar athléimneachta rochtain ar sholáthar fuinnimh slán inbhuanaithe a áirithiú don Aontas Eorpach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) na spleáchais atá ann faoi láthair a laghdú agus spleáchais nua straitéiseacha ar thríú tíortha aonair maidir le soláthar teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a sheachaint; agus (ii) acmhainneacht monaraíochta na dteicneolaíochtaí agus na gcomhpháirteanna sin san Aontas a fheabhsú. Ba cheart é sin a dhéanamh gan gnóthú sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh inathnuaite le haghaidh 2030 a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2018/2001 a chur i mbaol.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, braitheann Airteagal 7 den Rialachán Cur Chun Feidhme ar an liosta táirgí deiridh agus príomh-chomhpháirteanna sonracha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ([30]) agus déantar foráil ann maidir le trí thacar rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le trí chás éagsúla ([31]):

(1) **Shainaithin an Coimisiún spleáchas maidir le soláthar tháirgí deiridh na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta** ([32]): Ní mór do na Ballstáit rannpháirtíocht a theorannú do cheantanna ábhartha nó pointí a dhámhachtain ar bhonn na gceanglas a bhaineann le tionscnamh an táirge deiridh agus le líon áirithe príomh-chomhpháirteanna sonracha a bheith de thionscnamh tríú tír a bhfuil an tAontas ag brath an iomarca uirthi, mar a leagtar síos in Airteagal 7(1), pointí (a) go (f), den Rialachán Cur Chun Feidhme. Thairis sin, le hAirteagal 7(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme leagtar síos teorainneacha maidir le tionscnamh príomh-chomhpháirteanna straitéiseacha áirithe arna sainaithint ar bhonn a luacha teicneolaíochta agus a róil lárnaigh i slándáil an tsoláthair fuinnimh agus i slabhra soláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta sonracha. Leagadh síos na ceanglais sin agus imthosca agus saintréithe sonracha na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite éagsúla a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta á gcur san áireamh, amhail infhaighteacht foinsí malartacha soláthair, acmhainneacht mhonaraíochta a bheith leordhóthanach ar fud an domhain, leibhéal aibíochta agus ráta úsáide na teicneolaíochta, tionchar an éagsúlaithe ar shlabhraí soláthair agus costais fhoriomlána.

Foráiltear leis an dara fomhír d'Airteagal 7(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme, más rud é, 'sa bhreis ar na coinníollacha a luaitear sa chéad fhomhír, gur de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná 85 % den soláthar laistigh den Aontas de phríomh-chomhpháirt shonrach amháin nó níos mó, ní cheadóidh na Ballstáit rannpháirtíocht sa cheant, nó ní dhéanfaidh siad pointí a dhámhachtain, ach amháin i gcás tairiscintí ar ina leith, i gcás ceann amháin ar a laghad de na príomh-chomhpháirteanna sonracha sin, nach mó ná 85 % cainníocht na comhpháirte sin de thionscnamh an tríú tír sin'. Is é is aidhm don cheanglas sin cosc a chur ar thairgeoirí, agus iad ag roghnú na comhpháirte a fhoinsíonn siad ó lasmuigh den tír spleáchais, comhpháirteanna a mbaineann spleáchas an-ard leo (os cionn 85 %) a roghnú go córasach agus gan díriú ach ar éagsúlú comhpháirteanna a mbaineann leibhéal íseal spleáchais leo. Ní cheanglaítear ar thairgeoirí an ceanglas sin a chomhlíonadh i gcás na gcomhpháirteanna uile a mbaineann spleáchas os cionn 85 % leo, ach i gcás ceann amháin díobh ar a laghad (i.e. má tá dhá chomhpháirt nó níos mó ann a mbaineann spleáchas chomh hard sin leo, is féidir le tairgeoirí a roghnú an ceanglas sin a chomhlíonadh i gcás ceann amháin díobh agus an ceann sin amháin). Más rud é, trí na ceanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 7(1) a chomhlíonadh, go ndéanann an tairgeoir soláthar comhpháirte amháin ar a laghad a bhfuil spleáchas is mó ná 85 % ag an Aontas Eorpach uirthi a éagsúlú cheana féin, meastar go gcomhlíontar an dara fomhír freisin. Mar shampla, má bhaineann tairgeoir a bhfuil tionscadal fótavoltachais gréine aige úsáid as córas

([30]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 maidir le rialacha a leagan síos chun Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an liosta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht (IO L, 2025/1178, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1178/oj).

([31]) Sreabhchairt a léiríonn cur i bhfeidhm na rialacha sin, soláthraítear í san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo.

([32]) Níos mó ná 50 % den soláthar laistigh den Aontas Eorpach ó thríú tír aonair nó 40 % ar a laghad den soláthar laistigh den Aontas Eorpach ó thríú tír aonair agus méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad ar an meán ann ar feadh 2 bhliain as a chéile. An teachtaireacht is déanaí: Teachtaireacht (AE) 2025/9034 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2025 (IO C, C/2025/3236, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3236/oj).

fótavoltachais ina bhfuil cealla nach de thionscnamh tríú tír a bhfuil an tAontas Eorpach spleách uirthi iad agus má chinn an Coimisiún ina theachtaireacht maidir leis na sciartha den soláthar de thionscnamh tríú tíortha éagsúla ([33]) go bhfuil an sciar den soláthar ceall fótavoltachais ó thríú tír aonair os cionn 85 %, comhlíonann an tairiscint an dara fomhír d'Airteagal 7(1) freisin ([34]).

(2) **Níor shainaithin an Coimisiún spleáchas maidir le soláthar tháirgí deiridh na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a thagann faoi raon feidhme Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ach shainaithin sé spleáchas maidir le ceann amháin nó níos mó dá bpríomh-chomhpháirteanna sonracha:** Ní mór do na Ballstáit rannpháirtíocht sa cheant a theorannú nó gan pointí a dhámhachtain ach do thairiscintí ar ina leith nach mó ná 50 % cainníocht gach ceann de na príomh-chomhpháirteanna sonracha sin atá de thionscnamh an tríú tír sin. Ba cheart an teorainn sin a thomhas ar leibhéal an tionscadail, agus ní ar leibhéal an táirge deiridh aonair. Mar shampla, más rud é, agus Airteagal 7(2) á chur i bhfeidhm, go gceanglaítear ar thairgeoirí gan níos mó ná 50 % de chomhpháirt fuinnimh gaoithe áirithe de thionscnamh na tíre sin a bhfuil spleáchas uirthi a bheith acu, comhlíonfaidh an tairgeoir an ceanglas sin más rud é nach n-úsáidtear an chomhpháirt sin ar de thionscnamh an tríú tír spleáchais í sa leathchuid dá thuirbíní gaoithe ach go n-úsáidtear sa leath eile í. De rogha air sin, má tá níos mó ná comhpháirt amháin den sórt sin ag gach táirge deiridh agus más comhionann na comhpháirteanna sin, is féidir leis an tairgeoir cinneadh a dhéanamh i ndáil le gach tuirbín gaoithe go mbeidh roinnt comhpháirteanna de thionscnamh an tríú tír spleáchais ann agus roinnt eile nach dá tionscnamh í. Is é an toisc thábhachtach chun Airteagal 7(2) a chomhlíonadh nach mór gan níos mó ná 50 % de na comhpháirteanna ábhartha uile a úsáidtear sa tionscadal a bheith de thionscnamh na tíre spleáchais.

Leis an dara fomhír d'Airteagal 7(2), tugtar an tsolúbthacht do na Ballstáit ceanglais níos scaoilte a ghlacadh i gcás ina bhfuil sciar an tsoláthair comhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tír aonair os cionn 85 % den soláthar iomlán don Aontas Eorpach. Sa chás sin, meastar go bhfuil an leibhéal spleáchais ar thríú tír aonair chomh hard sin go bhféadfadh cur i bhfeidhm docht an chritéir athléimneachta slándáil soláthair na comhpháirte sin a chur i mbaol. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh uasteorainn níos airde, suas le 85 %, a shocrú do chomhpháirteanna de thionscnamh an tríú tír spleáchais. Roghnaíodh an uasteorainn sin ionas nach bhfágfadh teorainn níos airde – níos gaire do 100 % – go mbeadh an fhoráil neamhéifeachtach agus chun éagsúlú céim ar chéim a chumasú freisin. I ndáil leis sin, is fiú aithris 9 den Rialachán Cur Chun Feidhme a mheabhrú, ina n-iarrtar ar na húdaráis cheantála, agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hathléimneacht a chur i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin nó dámhachtana, 'leibhéal spleáchais an Aontais ar thríú tír le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta sin nó a príomh-chomhpháirte sonraí, infhaighteacht foinsí malartacha soláthair agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athléimneacht a chur i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin in ionad critéar dámhachtana ar sholáthar na príomh-chomhpháirte sonraí sin a chur san áireamh'.

(3) **I gcás fuinneamh gaoithe ar talamh, fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus leictrealóirí, níor chinn an Coimisiún gur de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná 50 % den sholáthar laistigh den Aontas den táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta ábhartha, nó níos mó ná 40 % den soláthar sin agus méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad ar an meán tagtha air ar feadh 2 bhliain as a chéile:** Tá feidhm ag ceanglais Airteagal 7(1) maidir le ceantanna le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin i ndáil le táirgí deiridh agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh na Síne. Áiritheofar comhlíonadh Airteagal 7(3) má chomhlíonann 75 % ar a laghad de na táirgí deiridh atá mar chuid den tairiscint na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(1) i ndáil le táirgí deiridh agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh na Síne. Mar shampla, maidir le tionscadal fuinnimh gaoithe ar talamh atá rannpháirteach i gceant agus faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 26 den

([33]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faisnéis cothrom le dáta a sholáthar chun sciartha sholáthar an Aontais Eorpaigh de tháirgí deiridh agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tíortha éagsúla a chinneadh faoi Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (IO C, C/2025/3236, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3236/oj).

([34]) Sampla de chritéar incháilitheachta athléimneachta le haghaidh teicneolaíocht fhótavoltach do 2026:
'Go sonrach, ní dhéanfar táirgí deiridh agus príomh-chomhpháirteanna sonracha suiteála a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 a chóimeáil ná a tháirgeadh, de réir cineáil, i dtríú tír ar chinn an Coimisiún de bhun Airteagal 29(2) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ina leith gur de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná 50 % de sholáthar laistigh den Aontas de na táirgí deiridh, nó gur tháinig méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad ar an meán ar an soláthar laistigh den Aontas de na táirgí deiridh atá de thionscnamh tríú tír aonair ar feadh 2 bhliain as a chéile agus go sroicheann sé sin 40 % ar a laghad den soláthar laistigh den Aontas, agus go háirithe:
(a) nach ndéantar an modúl fótavoltach a chóimeáil sa tríú tír sin;
(b) nach de thionscnamh an tríú tír sin na cealla fótavoltacha;
(c) nach de thionscnamh an tríú tír sin na hinbhéartóirí;
(d) nach de thionscnamh an tríú tír sin ceann amháin eile ar a laghad de na príomh-chomhpháirteanna sonracha atá sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/1178.'

Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta lena mbeartaítear 100 tuirbín gaoithe a shuiteáil, bheadh air gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh 75 thuirbín ar a laghad ceanglais Airteagal 7(1), pointe (b), trí gan an táirge deiridh agus gan níos mó ná trí phríomh-chomhpháirt shonracha de thionscnamh na Síne a áireamh iontu. Ní féidir gléasraí cumhachta tiomána dírí (lena n-áirítear gineadóir) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (lena n-áirítear gineadóir) a áireamh ar na príomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh na Síne ([35]).

Is é an réasúnaíocht atá leis an riail sin go bhfuil riosca mór ann i gcás na dteicneolaíochtaí sin go mbeidh spleáchas méadaithe ar allmhairí ón tSín, rud a d'fhéadfadh slándáil soláthair an Aontais Eorpaigh a chur i mbaol. Tá an chonclúid sin bunaithe ar na treochtaí soláthair agus éilimh atá ann faoi láthair agus a réamh-mheastar a bheidh ann amach anseo le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin ar fud an domhain agus ar leibhéal an Aontais, agus ar an bhfíoras gur mó acmhainneacht táirgeachta na Síne ná 50 % den táirgeadh domhanda agus gur mó go mór a táirgeadh réamh-mheasta ná a spriocanna intíre agus an t-éileamh intuartha. B'éigean bearta a dhéanamh chun cuspóir an bheartais phoiblí a shaothrú, is é sin dí-rioscú ó spleáchais arda trí fhoinsí soláthair a éagsúlú in earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi.

Tá Airteagal 7(3) gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 7(2) maidir le fuinneamh gaoithe ar talamh, fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus leictrealóirí i gcás ina bhfuil an sciar de sholáthar ceann amháin dá bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tír aonair níos mó ná an tairseach a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 7(2).

Tá sé tábhachtach a shoiléiriú go ndéantar foráil in Airteagal 7 maidir le comhchuibhiú iomlán ar na nithe seo a leanas: (i) na ceanglais maidir leis an líon uasta comhpháirteanna ar féidir leo a bheith de thionscnamh tríú tír a bhfuil an iomarca spleáchais ag an Aontas Eorpach uirthi nó a bhfuil riosca mór ann go méadóidh an spleáchas uirthi; agus (ii) na príomh-chomhpháirteanna straitéiseacha. Fágann sé sin, i gcás na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a chumhdaítear le hAirteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, nach féidir leis na Ballstáit líonta éagsúla a shocrú ná príomh-chomhpháirteanna straitéiseacha éagsúla a shainaithint chun na híoscheanglais a leagtar amach in Airteagal 7 a chomhlíonadh. Laistigh de na teorainneacha faoi Airteagal 7, ba cheart é a bheith de sholúbthacht ag tairgeoirí i gcónaí na comhpháirteanna ([36]) a bheartaíonn siad a fhoinsiú ón tríú tír a bhfuil an iomarca spleáchais ag an Aontas Eorpach uirthi nó a bhfuil riosca mór ann go méadóidh an spleáchas uirthi a roghnú, agus ní féidir leis na Ballstáit teorainn a chur leis an tsolúbthacht sin.

Mar sin féin, i gcásanna ina n-úsáidtear athléimneacht mar chritéar dámhachtana i gceantanna, bíonn an deis ag na Ballstáit i gcónaí éagsúlú breise ar shiúl ó thír a bhfuil an iomarca spleáchais ag an Aontas Eorpach uirthi a chur chun cinn agus dul níos faide ná íoscheanglais Airteagal 7 trí phointí níos airde a dhámhachtain do thairgeoirí a théann níos faide ná na híoscheanglais sin trí bhíthin critéir dhámhachtana bhreise, agus spreagtar na Ballstáit chun déanamh amhlaidh. Sa chleachtas, na Ballstáit a bhfuil íoscheanglais leagtha síos acu i bhfoirm critéir dhámhachtana atá ailínithe le hAirteagal 7 den Rialachán Cur Chun Feidhme, is féidir leo na ceanglais sin a dhéanamh níos uaillmhianaí trí chritéir dhámhachtana bhreise a chur leis na híoscheanglais, i dtéarmaí roinnt príomh-chomhpháirteanna sonracha breise. I gceant chun fuinneamh gaoithe ar talamh a chur in úsáid, mar shampla, d'fhéadfadh Ballstát cinneadh a dhéanamh líon áirithe pointí a dhámhachtain do thairgeoirí a chomhlíonann íoscheanglais Airteagal 7(1), pointe (b), (gan níos mó ná trí phríomh-chomhpháirt shonracha a bheith de thionscnamh an tríú tír spleáchais), agus pointí breise a dhámhachtain do thairgeoirí a chomhlíonann ceanglais níos déine (e.g. gan níos mó ná dhá chomhpháirt a bheith de thionscnamh an tríú tír spleáchais). Agus an méid sin á dhéanamh acu, maidir leis an íoscheanglas, ní féidir leis na Ballstáit líonta éagsúla a shocrú ná príomh-chomhpháirteanna straitéiseacha éagsúla a shainaithint chun na ceanglais níos uaillmhianaí sin a chomhlíonadh.

Maidir le gach critéar neamhphraghais faoi Airteagal 26(2) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, is féidir leis na Ballstáit cur i bhfeidhm na gcritéar réamhcháiliúcháin agus dámhachtana a chomhcheangal, lena n-áirítear na critéir maidir le hathléimneacht, chun na híoscheanglais a leagtar síos faoi Airteagal 7 a chomhlíonadh. D'fhéadfadh Ballstát cinneadh a dhéanamh, mar shampla, go gcuirfí na ceanglais maidir leis an uaslíon comhpháirteanna atá de thionscnamh an tríú tír a

([35]) Sampla de chritéar incháilitheachta athléimneachta le haghaidh teicneolaíocht fuinnimh gaoithe amach ón gcósta do 2026:
'San iarratas uaidh, ní mór don iarratasóir gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh sé a sholáthar a éagsúlú trí thoirmeasc a chur, i gcás 75 % ar a laghad de na tuirbíní gaoithe sa tionscadal, ar sholáthar soláthairtí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le haghaidh na nithe seo a leanas:
— an tuirbín gaoithe amach ón gcósta (= táirge deiridh) agus
— an gineadóir (= príomh-chomhpháirt shonrach éigeantach) agus
— trí phríomh-chomhpháirt shonracha eile, de rogha an iarratasóra, as measc na naoi bpríomh-chomhpháirt shonracha den tuirbín gaoithe. Leagtar amach an liosta de na naoi bpríomh-chomhpháirt shonracha le haghaidh tuirbíní gaoithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025.
Ina theannta sin, ina iarratas, ní mór don iarratasóir gealltanas a thabhairt nach mbeidh níos mó ná 85 % de bhuanmhaighnéid an tionscadail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.'

([36]) laistigh den liosta táirgí deiridh agus príomh-chomhpháirteanna sonracha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178.

bhfuil an iomarca spleáchais ag an Aontas Eorpach uirthi i bhfeidhm mar chritéir réamhcháiliúcháin, agus go gcuirfí na ceanglais maidir le tionscnamh na bpríomh-chomhpháirteanna straitéiseacha i bhfeidhm mar chritéir dhámhachtana (e.g. ní féidir níos mó ná trí phríomh-chomhpháirt shonracha fuinnimh gaoithe ar talamh a bheith de thionscnamh an tríú tír spleáchais agus tugtar pointí dámhachtana mura bhfuil an gléasra cumhachta tiomána dírí (lena n-áirítear gineadóir) agus/nó an gléasra cumhachta giarbhosca (lena n-áirítear gineadóir) de thionscnamh an tríú tír sin). De réir na loighce céanna, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 7(2), is féidir leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an athléimneacht a chur i bhfeidhm mar chritéar réamhcháiliúcháin maidir le comhpháirt amháin eile nó níos mó agus mar chritéar dámhachtana maidir le comhpháirt amháin eile nó níos mó, mar shampla chun infhaighteacht soláthair roinnt comhpháirteanna a chur san áireamh mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh cur i bhfeidhm na hathléimneachta mar chritéar réamhcháiliúcháin seachas mar chritéar dámhachtana a imirt ar chostas. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach féidir leis na Ballstáit cur i bhfeidhm íoscheanglais aonair a roinnt i níos mó ná critéar amháin lena gcomhcheanglaítear critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana, e.g. trí chritéar réamhcháiliúcháin a shocrú le haghaidh ceant fuinnimh gaoithe amach ón gcósta ar dá réir nach bhféadfaidh níos mó ná dhá phríomh-chomhpháirt shonracha a bheith de thionscnamh an tríú tír a bhfuil an iomarca spleáchais ag an Aontas Eorpach uirthi agus critéar dámhachtana comhchosúil le haghaidh dhá phríomh-chomhpháirt shonracha eile, toisc go bhforáiltear le hAirteagal 7(1), pointe (c), '[nach dt]agann níos mó ná ceithre phríomh-chomhpháirt shonracha ón tríú tír sin'.

Maidir le gach critéar neamhphraghais eile, agus mar a luaitear in Airteagal 16(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme, ní mór do thairgeoirí gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais athléimneachta tráth na tairisceana nó níos luaithe, agus is féidir comhlíonadh iarbhír a léiriú tráth níos déanaí. Tá sé de rogha ag na húdaráis ábhartha cinneadh a dhéanamh cathain a sheiceálfaidh siad comhlíonadh iarbhír na gceanglas, rud a d'fhéadfadh tarlú ag amanna éagsúla i gcaitheamh shaolré an tionscadail. Agus na ceanglais á leagan síos chun comhlíonadh na hathléimneachta a léiriú, bheadh sé tábhachtach go gcuirfeadh na Ballstáit san áireamh an t-aga tionscanta fada d'fhormhór na dtionscadal fuinnimh inathnuaite agus a dheacra atá sé do thairgeoirí agus do mhonaróirí a bheith ar an eolas i bhfad roimh ré faoin soláthróir óna bhfoinseoidh siad a dtáirgí deiridh agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha, mar gheall go páirteach ar inathraitheacht an tslabhra soláthair dhomhanda agus ar an éileamh ar tháirgí agus ar chomhpháirteanna áirithe. Dá bhrí sin, bheadh sé deacair do thairgeoirí comhlíonadh na gceanglas athléimneachta a léiriú tráth na tairisceana, rud a tharlaíonn roinnt blianta go minic roimh choimisiúnú an tionscadail, go háirithe i gcás tionscadail mhóra chasta.

A mhéid a bhaineann le comhlíonadh an chritéir athléimneachta a léiriú, foráiltear le hAirteagal 16(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme go '[nd]éanfar measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 7 trína cheangal ar thairgeoirí doiciméadacht chustaim a sholáthar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, agus doiciméid ábhartha eile lena léirítear tionscnamh nó áit chóimeála na teicneolaíochta glan-nialasachta nó a príomh-chomhpháirteanna sonracha, lena n-áirítear sonraisc nó aon mhodh eile'. Le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 bunaítear na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hoibríochtaí custaim laistigh den Aontas, lena n-áirítear coincheap na rialacha tionscnaimh chun áit tionscnaimh táirge a shainaithint. Sonraítear na rialacha tionscnaimh neamhfhabhraigh in *Table of list rules conferring non-preferential origin on products (following the classification in the CN)* [Tábla den liosta rialacha lena dtugtar tionscnamh neamhfhabhrach do tháirgí (de réir an aicmithe san Ainmníocht Chomhcheangailte)] an Choimisiúin. Léirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an treoraíocht le haghaidh Airteagal 28 ([37]) ceannteidil an Chórais Chomhchuibhithe a bhaineann leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta is ábhartha d'Airteagal 26, agus d'Airteagal 28, den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Is féidir na ceannteidil sin a sheiceáil in aghaidh thábla an Choimisiúin Eorpaigh chun a chinneadh cé na rialacha tionscnaimh neamhfhabhraigh is infheidhme faoi Chód Custaim an Aontais. Ba cheart do thairgeoirí dearbhuithe custaim a sholáthar mar phríomhdhoiciméadacht chun comhlíonadh an chritéir athléimneachta a léiriú.

Maidir le tionscnamh neamhfhabhair, tá feidhm ag prionsabal na saorfhianaise, rud a fhágann gur féidir réimse leathan doiciméad agus fianaise iontaofa a úsáid chun áit mhonaraíochta nó chóimeála táirge a chruthú mar a dhearbhaítear sna dearbhuithe custaim. D'fhéadfaí a áireamh ar na doiciméid sin sonraisc, uimhreacha aitheantais táirge, sraithuimhreacha nó cóid, ainmchláir, deimhnithe tionscnaimh, billí luchta agus doiciméid iompair eile, billí ábhair, dearbhuithe soláthróirí, nótaí seachadta, conarthaí le soláthróirí, deimhnithe cigireachta monarchan nó córais forghníomhaithe monaraíochta. Cé go bhféadfadh sé gur ghá an rannchuidiú athléimneachta a fhíorú le haghaidh gach príomh-chomhpháirte sonraí de tháirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta (ar fud leibhéil éagsúla dá shlabhra luacha), ní sholáthraíonn dearbhuithe custaim ach faisnéis maidir le tionscnamh na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a allmhairítear isteach san Aontas, agus ní maidir le príomh-chomhpháirteanna sonracha eile, mar shampla iad siúd ar leibhéal níos déanaí den slabhra luacha, nó iad siúd a tháirgtear san Aontas.

([37]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoraíocht maidir le cur chun feidhme Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (IO C, C/2026/123, 7.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/123/oj).

Ar an gcúis sin, luaitear in Airteagal 16(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme gur cheart doiciméadacht chustaim a sholáthar i gcás ina mbeidh sí ar fáil agus gur féidir í a fhorlíonadh le doiciméid ábhartha eile lena léirítear tionscnamh nó áit chóimeála táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha i gcomhréir lena rialacha tionscnaimh neamhfhabhraigh. Mar shampla, i gcás modúl fótavoltach, ní sholáthraíonn an dearbhú custaim ach faisnéis maidir le tionscnamh an mhodúil féin. Tá gá le doiciméid eile i measc na ndoiciméad a liostaítear thuas chun tionscnamh na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha foluiteacha a chinneadh (i.e. gloine gréine, cealla fótavoltacha, sliseoga fótavoltacha, tinní sileacain de ghrád fótavoltach agus polaisileacón de ghrád fótavoltach). Luaitear sonraisc in Airteagal 16(5) mar dhoiciméad tacaíochta féideartha a d'fhéadfaí a úsáid chun na críche sin. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit doiciméid eile a cheangal má sholáthraíonn siad faisnéis iontaofa a nascann na táirgí lena n-áit mhonaraíochta nó chóimeála. D'fhéadfaí a áireamh ar na doiciméid sin, uimhreacha aitheantais táirge, sraithuimhreacha nó cóid, ainmchláir, deimhnithe tionscnaimh, billí luchta agus doiciméid iompair eile, billí ábhair, dearbhuithe soláthróirí, nótaí seachadta, conarthaí le soláthróirí, deimhnithe cigireachta monarchan nó córais forghníomhaithe monaraíochta. Mura gcuireann tairgeoir doiciméad ábhartha ar fáil lena léirítear tionscnamh nó áit chóimeála táirge deiridh nó príomh-chomhpháirte sonraí, ba cheart do na Ballstáit a mheas go huathoibríoch gur i dtír a bhfuil ardspleáchas ag an Aontas uirthi a thionscnaítear nó a chóimeáiltear na táirgí deiridh nó na príomh-chomhpháirteanna sonracha sin.

Más gá soláthróirí a mhalartú le linn chur chun feidhme an tionscadail, ba cheart dóibh na critéir a leagtar síos sa cheant bunaidh inar roghnaíodh an tairiscint a chomhlíonadh. Mar shampla, i gcás inar cuireadh na critéir athléimneachta i bhfeidhm, níor cheart ionadú comhpháirteanna i dtionscadal a cheadú ach amháin má chomhlíonann siad an rannchuidiú athléimneachta mar a tugadh aghaidh ar dtús air. Níor cheart feidhm a bheith ag eisceachtaí air sin ach amháin dá mbeadh neamh-chomhoiriúnachtaí teicniúla ann de dheasca chomhlíonadh chritéir an cheant.

## 4.5. **Rannchuidiú inbhuanaitheachta**

I gcomhréir le hAirteagal 26(2) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na gceantanna leis an inbhuanaitheacht trí scrúdú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht comhshaoil na dtairiscintí nó ar an gcaoi a rannchuidíonn siad leis an nuálaíocht nó le comhtháthú córais fuinnimh.

### 4.5.1. *Inbhuanaitheacht comhshaoil*

Is féidir measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú ceant leis an inbhuanaitheacht trí chritéir inbhuanaitheachta comhshaoil neamhphraghais a leagan síos lena ndéantar measúnú ar an tionchar ar an aeráid agus ar an gcomhshaol. Ní mór do na critéir sin dul níos faide ná na híoscheanglais a leagtar síos leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais. Mar a shoiléirítear in aithris 16 den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh na Ballstáit, agus critéir inbhuanaitheachta comhshaoil á gceapadh acu, ceann amháin nó níos mó de na critéir inbhuanaitheachta comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme nó critéir eile a mheasann siad a bheith ábhartha a chur i bhfeidhm. Má roghnaíonn na Ballstáit critéir a forbraíodh sa Rialachán Cur Chun Feidhme a chur i bhfeidhm, ní mór dóibh an mhodheolaíocht a leagtar amach sa Rialachán a leanúint.

Maidir le lorg carbóin, níl aon mhodheolaíocht cheangailteach chomhchuibhithe de chuid an Aontais i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh na dteicneolaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin Cur Chun Feidhme. D'fhógair an Coimisiún go n-oibreodh sé chun modheolaíochtaí cuntasaíochta carbóin a shimpliú agus a chomhchuibhiú ([38]). Mar chuid den Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú ([39]), d'fhéadfadh an Coimisiún oibriú ar fhaisnéis a bhaineann le táscairí saolré comhshaoil, amhail an lorg carbóin. Níorbh ionann sin agus ceanglais lipéadaithe fuinnimh ná táscairí eile maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil, amhail in-athchúrsáilteacht.

Idir an dá linn, soláthraítear faisnéis sa Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis na prionsabail ba cheart a leanúint sa mheasúnú sin ar an lorg carbóin (bunaithe ar mheasúnú saolré – MSR) – i dtéarmaí ceanglais trédhearcachta agus cáilíochta sonraí. Ba cheart a áirithiú leis freisin go gcumhdóidh an lorg carbóin roinnt céimeanna den saolré. Ós rud é go bhféadfadh infhaighteacht agus iontaofacht na sonraí chun gach céim den mheasúnú saolré a chumhdach a bheith éagsúil, ba cheart é sin a chur san áireamh agus teorainneacha córais á leagan síos don lorg carbóin agus toimhdí á ndéanamh maidir leis ([40]).

([38]) Teachtaireacht 'An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú' (COM(2025) 85).

([39]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

([40]) Is féidir a mheas gur tagairt ábhartha le haghaidh na sonraí agus na treoraíochta a bhaineann go sonrach le forbairt é Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún.

### 4.5.2. *Nuálaíocht*

Is é is aidhm don chritéar nuálaíochta a áirithiú, i gcás ina gcomhtháthaítear an nuálaíocht i gceant, go léireoidh na tionscadail a n-éiríonn leo go gcuirfear feabhas inbhraite ar an úrscothacht atá ann faoi láthair. Agus é á aithint go bhféadfadh éifeachtaí éagsúla a bheith ag an nuálaíocht, ní fhorchuirtear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme srianta ar na réimsí ar cheart an nuálaíocht sin a bheith iontu. Ina ionad sin, déanfar na réimsí sin a mharcáil le linn phróiseas deartha an cheant, ar bhonn na gcuspóirí nuálaíochta sonracha arna leagan síos ag na Ballstáit a eagraíonn an ceant. Déantar idirdhealú sa Rialachán Cur Chun Feidhme idir ceantanna ar ceantanna nuálaíochta go huile agus go hiomlán iad agus ceantanna a n-áirítear roinnt gnéithe nuálacha iontu ach a ndírítear go príomha ar an gcur in úsáid leo. Dá bhrí sin, forchuirtear oibleagáidí éagsúla leis an Rialachán Cur Chun Feidhme ag brath ar chineál na nuálaíochta atá á saothrú.

### 4.5.3. *Comhtháthú córais fuinnimh*


Tagraíonn 'comhtháthú córais fuinnimh', mar a shainmhínítear é sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, do chur le comhtháthú fuinnimh inathnuaite sa chóras leictreachais agus d'éifeachtúlacht ar leibhéal an chórais a bhaint amach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar fud iompróirí fuinnimh, bonneagar agus earnálacha éilimh. Is é is cuspóir foriomlán do chomhtháthú córais fuinnimh seirbhísí fuinnimh atá saor ó bhreoslaí iontaise agus atá solúbtha, iontaofa agus tíosach ar acmhainní a sholáthar, ar an gcostas is ísle is féidir.

Leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme critéir neamhphraghais maidir le comhtháthú córais fuinnimh i gceantanna fuinnimh inathnuaite chun cuidiú le costais córais fuinnimh a laghdú trí aghaidh a thabhairt ar an tionchar a imríonn oibriú tionscadal fuinnimh inathnuaite ar an gcóras. Rannchuidiú na dtairiscintí le comhtháthú córais fuinnimh, ba cheart measúnú a dhéanamh air bunaithe ar a gcumas cuidiú le riachtanais an chórais a laghdú, ar bhonn trí ghné: (1) solúbthacht ama, (2) tionchar suímh agus (3) naisc ar fud iompróirí fuinnimh.

Is é is aidhm d'Airteagal 15 a áirithiú go ndéanfar breithniú ar gach ceann de na trí ghné agus ní ar an tsolúbthacht ama amháin, mar shampla. Is é is cúis leis sin, ó thaobh comhtháthú córais fuinnimh de, go bhfuil na gnéithe uile idirspleách, rud a fhágann go bhfuil sé deacair iad a dheighilt ó chéile. Cé go gceanglaítear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme go gcuirfear gach ceann de na trí ghné san áireamh agus ceant á dhearadh, ní cheanglaítear leis go gcuirfear gach ceann díobh chun feidhme mar chuid den chritéar neamhphraghais maidir le comhtháthú córais fuinnimh.

*IARSCRÍBHINN 1*

**Sreabhchairt an chritéir athléimneachta**



*IARSCRÍBHINN 2*

**Sampla de shuiteálacha fótavoltachais a chomhlíonann an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta faoi Airteagal 7(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme**



Ós rud é gur sainaithníodh spleáchas ar sholáthar ó thríú tír aonair, áirithítear comhlíonadh Airteagal 7(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme más rud é:

- ✓ nach ndéantar an córas fótavoltach gréine a chóimeáil sa tríú tír sin;
- ✓ nach bhfuil na hinbhéartóirí fótavoltacha ná na cealla fótavoltacha de thionscnamh an tríú tír sin;
- ✓ nach ndéantar na modúil fhótavoltacha a chóimeáil sa tríú tír sin;
- ✓ nach bhfuil príomh-chomhpháirt shonrach amháin eile ar a laghad de thionscnamh an tríú tír sin.

*IARSCRÍBHINN 3*

## Sampla de thuirbíní gaoithe ar talamh a chomhlíonann an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta faoi Airteagal 7(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme



Ní mór ≥ 75 % de thuirbíní a bheith comhlíontach le hAirteagal 7(1) i gcoibhneas leis an tSín:

- ✓ Níl tuirbíní (táirge deiridh) de thionscnamh na Síne
- ✓ Níl níos mó ná trí phríomh-chomhpháirt shonracha, gan gléasraí cumhachta/gineadóir a áireamh, de thionscnamh na Síne

I gcás **GACH** tuirbín: ní bheidh níos mó ná 85 % de bhuanmhaighnéid an tionscadail de thionscnamh na Síne (Airteagal 7(2)).